

## **Gníomhaíocht Daltaí: Féachaint céard a tharlaíonn le hairgead póca a dhúblaítéar gach lá go ceann 30 lá, más 2cent a tugadh an chéad lá.**

Déan in éineacht leis an gcomhad idirghníomhach, ‘2 Cent’, ar CD an Dalta.

1. “Agus maidir le hairgead póca an mhí seo,” arsa cailín lena hathair, “bheinn breá sásta le 2 cent an chéad lá den mhí, 4 cent an dara lá, a dhá oiread sin an 3ú lá, a dhá oiread sin arís an ceathrú lá ... agus mar sin de go dtí deireadh na míosa. Is é sin, é a dhúbailt gach lá.”

- a. Déan tábla a léireoidh an méid airgid a gheobhaidh sí an chéad 10 lá den mhí.

Lá	An tAirgead a fhaigheann sí
1	2
2	
3	
4	
5	
6	
7	
8	
9	
10	

- b. Cén sórt patrún, i d'fhocail féin, atá le feiceáil sa tábla thuas?
- 
- 


- c. Scríobh foirmle mhatamaiticiúil a sheasann don chás thuas.
- 
- 

- d. Cé acu graf líneach nó graf cearnach a fheileann don choibhneas sin, an dóigh leat? Nó an graf de shórt éigin eile a d'fheilfeadh? Más ea, abair cén sórt graif atá i gceist agat, agus mínígh do fhreagra.
- 
- 

- e. An socrú maith é don chailín? An socrú maith é dá hathair? Mínigh.
- 

- f. Cé acu airgead ina cent nó airgead ina Euro a fhaigheann an cailín gach lá? Cén chaoi a n-athraíonn tú airgead ina cent go Euro?

- g. Tarraing graf de na sonraí sa tábla i gcuid a.



- h. Cé mhéad san iomlán a bheidh aici i ndeireadh lá 10?

- i. Oibrigh amach le d'áireamhán an méid a gheobhaidh sí Lá 30.

- j. Scéal eile a bheadh ann dá ndéarfaí leis an gcailín go mbeadh **2 cent sa bhreis** á fháil aici gach lá. Freagair na ceisteanna thíos go bhfeice tú an difríocht idir socrú den chineál sin agus an socrú a luadh i gceist 1 thusa.

i. Cé mhéad a gheobhadh sí an chéad lá?

ii. Cé mhéad ar fad a bheadh faighte aici i ndeireadh lá 10?

iii. Cén difríocht a bheadh idir na graif?

2. Bog an sleamhnóir sa chomhad idirghníomhach ó 2 go 3, agus féach mar a athraíonn an graf nuair is iolrú faoi 3 a dhéantar lá i ndiaidh lae seachas iolrú faoi 2 (dúbait).

i. Abair céard a tharla don ghraf. Cuir i gcomparáid é leis an gcéad ghraf.

ii. Oibrigh amach ón tábla sa chomhad idirghníomhach an méid airgid a gheobhaidh sí Lá 15 má iolraítar faoi 3 an méid airgid a fhaigheann sí ó lá go lá.

iii. Cén méid airgid ar fad a bheidh faighte aici i ndeireadh lá 15?